Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**12068/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0265 (COD)**

**CODEC 1372**
**ECOFIN 714**
**STATIS 47**
**IA 135**
**PE 63**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 99/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le clár staidrimh Eorpach 2013-17, trí é a fhadú go 2018-2020<br>– Toradh ar chéad léamh Pharlaimint na hEorpa<br>(Strasbourg, 11-14 Meán Fómhair 2017) |

## I. RÉAMHRÁ

I gcomhréir le forálacha Airteagal 294 CFAE agus an dearbhú comhpháirteach maidir le socruithe praiticiúla do nós imeachta na comhchinnteoireachta[1], bhí roinnt teagmhálacha neamhfhoirmiúla idir an Chomhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an sainchomhad seo ar an gcéad léamh ionas nach mbeadh gá leis an dara léamh ná le hidir réiteach.

Sa chomhthéacs seo, rinne an rapóirtéir, Roberto Gualtieri (S&D-IT), leasú amháin comhréitigh (leasú 2) ar an togra le haghaidh Rialacháin a chur i láthair, ar son an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (ECON). Comhaontaíodh an leasú sin le linn na dteagmhálacha neamhfhoirmiúla dá dtagraítear thuas.

[1] IO C 145, 30.6.2007, lch. 5

## II. VÓTÁIL

Caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 14 Meán Fómhair 2017 agus glacadh an leasú comhréitigh (leasú 2) ar an togra le haghaidh Rialacháin. Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é seasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh atá ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[2].

Léirítear le seasamh na Parlaiminte an méid a comhaontaíodh roimhe sin idir na hinstitiúidí. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an Chomhairle in ann seasamh na Parlaiminte a fhormheas.

Ar an gcuma sin, dhéanfaí an gníomh a ghlacadh leis an bhfoclaíocht a fhreagraíonn do sheasamh na Parlaiminte.

---

[2] Rinneadh leagan de sheasamh na Parlaiminte sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a rinneadh leis na leasuithe ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Aon rud a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún, marcáiltear é le cló ***trom, iodálach***. Leis an tsiombail " ▌ " a léirítear téacs a scriosadh.